# Riarthóir Cumarsáide/ Preasa

## Conradh Buan

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ar an bpost **Riarthóir Cumarsáide/ Preasa** ar bhonn buan. Beidh an té a cheapfar lonnaithe i gCeannáras TG4 i nGaeltacht na Gaillimhe agus freagrach don Bhainisteoir Cumarsáide.

Fostóir comhionannais deiseanna é TG4 agus déantar iarratais incháilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá meon dearfach ag TG4 i leith na hÉagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu.

**An Ról**

Beidh ról lárnach ag an té a ceapfar ag tacú le hobair Rannóg Cumarsáide TG4, ag déanamh poiblíochta agus ag mealladh lucht féachana chuig ábhar TG4. Is ról é seo do dhuine atá paiseanta faoi eolas maidir le hábhar cláir agus branda TG4 a scaipeadh i measc an phobail.

**I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, gan bheith teoranta dóibh, beidh;**

- Eolas cumarsáide agus ábhar poiblíochta a bhailiú agus a chur in oiriúint
- Eolas poiblíochta a scaipeadh ar Preas, ar ardáin dhigiteacha TG4, ar thionchairí, ar na meáin agus eile.
- Ábhar a scríobh, a cheartú, a aistriú agus a phrofáil
- Cúnamh a thabhairt ócáidí agus feachtais chumarsáide a eagrú
- Cúnamh a thabhairt don fhoireann cumarsáide preasráitis a scríobh agus a eisiúint
- Cúnamh a thabhairt na bunachair sonraí a choinneáil cothrom le dáta
- Ábhar agus eolas a roinnt leis na meáin
- Aon fhreagrachtaí réasúnta eile a mheasann an Bainisteoir nó Stiúrthóir na Rannóige bunaithe ar riachtanais an ghnó.

**Nithe atá riachtanach don phost seo:**

- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.
- Ardscileanna cumarsáide agus taithí ar bheith ag plé leis an bpobal
- Fócas dearfach agus cumas maith foirne
- Sárthuiscint ar chumas na meán sóisialta agus na n-ardán digiteach agus an fheidhm atá leo i gcomhthéacs preasa & poiblíochta
- Taithí mhaith ar chúrsaí riaracháin agus ríomhaireachta (ard-tuiscint ar Excel, MS Office agus ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa).
- Taithí ar Chóipscríbhneoireacht agus ar Cheannlínte a scríobh - i nGaeilge agus i mBéarla
- Taithí ar phreasráitis a scríobh
- Taithí mhaith ar obair thaighde a dhéanamh agus teagmhálacha a aimsiú
- Taithí ar bheith ag obair le formáidí éagsúla ó thaobh íomhánna de.
- Ábalta feidhmiú go muiníneach éifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.

**4pm Dé hAoine an 24 Deireadh Fómhair 2025** an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie.

Tá polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm i TG4.

**<u>Eolas Breise don Iarratasóir</u>**

**Grád an Phoist:**

Grád 5

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist agus earnáil na teilifíse, táthar ag súil go mbeifí solúbtha ó am go ham, lena n-áirítear a bheith sásta oibriú, nuair a bheadh gá leis, lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**

D'fhéadfadh taisteal in Éirinn a bheith i gceist ó am go chéile mar chuid den ról seo.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |